

Cuid 8 Fógra Láithreáin

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)

Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Rannóg Seirbhísí Tithíochta agus Pobail.

Suíomh: Suíomh c.0.653 ha ag Sráid na Scoile/Eastát Bhábhún Chúirt San Tomás, Baile Átha Cliath 8

Togra: De bhun cheanglais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo faoi athfhorbairt Shráid na Scoile / Eastát Bhábhún Chúirt San Tomás atá ann cheana féin agus tógáil 124 árasán ag Sráid na Scoile/Eastát Bhábhún Chúirt San Tomás, Baile Átha Cliath 8. Tá an suíomh teoranta ag Sráid na Scoile, Lána an Táilliúraigh, Lána Mhuire Mhaith agus Bábhún Chúirt San Tomás (os comhair Pháirc Áine Ní Dhoibhlin), Baile Átha Cliath 8.

Tá dhá bhloc tithíochta cúig stór Árasáin Shráid na Scoile (lena n-áirítear 38 teach agus áis phobail ar an gcéad urlár) agus Bábhún Chúirt San Tomás (lena n-áirítear 40 teach) ar an suíomh 0.653 heicteár atá ann faoi láthair.

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhainisteoidh an fhorbairt bheartaithe, ina gcumseofar:

- Scartáil bhloc reatha Bhábhún Chúirt San Tomás, struchtúir choimhdeacha, ballaí/ráillí teorann agus oibreacha glantacháin láithreáin agus athchóiriú bhloc reatha Árasáin Shráid na Scoile.
- Tógáil 124 aonad árasán i 4 bhloc árasán (Bloc A1, Bloc A2, Bloc B agus Bloc C) ina bhfuil 41 aonad árasán. árasáin aon seomra leapa, 65. árasáin dhá sheomra leapa, 18. árasáin trí sheomra leapa.
 - Tá 7 stór i mBloc A1 (os comhair Shráid na Scoile agus Bábhún Chúirt San Tomás) a bhfuil 27 aonad (27 aonad 2 sheomra leapa)
 - Tá 10 stór i mBloc A2 (os comhair Shráid na Scoile agus Bábhún Chúirt San Tomás) a bhfuil 35 aonad (10 aonad 1 sheomra leapa, 16. aonad 2 sheomra leapa, 9. aonad 3 sheomra leapa)
 - Tá 5 stór i mBloc B0 (os comhair Bábhún Chúirt San Tomás agus Lána Mhuire Mhaith) a bhfuil 18 aonad (3 aonad 1 sheomra leapa, 6. aonad 2 sheomra leapa & 9. aonad 3 sheomra leapa)
 - Tá 6 stór i mBloc C (os comhair Lána an Táilliúraigh) ina bhfuil aifheistiú domhain agus síneadh ar bhloc Árasáin Shráid na Scoile atá ann cheana féin chun urlár breise agus athruithe ar na hingearchlónna uile a chur san áireamh le 44 aonad (28 aonad 1 sheomra leapa, 16. aonad 2 sheomra leapa)
- Soláthar áis phobail ilúsáide (lena n-áirítear áis cúraim leanaí) de 151 méadar cearnach ar urlár na talún de Bhloc A2 le limistéar súgartha lasmuigh de 111 méadar cearnach.
- 218 spás páirceála rothar fadtréimhseach, agus 72 spás páirceála rothar gearrthréimhseach.
- 9 spás páirceála cónaitheach ar Lána an Táilliúraigh agus 1 spás páirceála do ghluaisrothair; Soláthar spásanna oscailte poiblí agus príobháideacha le cóireálacha teorann, tírdhreachú, cosáin, athbhreithniú ar rochtain do choisithe, soilsiú poiblí, nasc nua réimse poiblí ag rith ó thuaidh go deisceart feadh Lána an Táilliúraigh; uasghrádú ar an réimse poiblí agus feabhsuithe ar aghaidh sráide ar Shráid na Scoile agus ar Lána Mhuire Mhaith/Bábhún Chúirt San Tomás agus 1044 méadar cearnach de spás oscailte pobail sa chlós lárnach nua;
- Tógáil fostáisiún nua BSL agus seomraí méadair, stórais, stóras boscaí bruscair agus stóras rothar, seomraí gléasra, struchtúir choimhdeacha; agus
- Gach bóthar coimhdeach, seirbhísí láithreáin, oibreacha forbartha agus oibreacha cumasúcháin riachtanacha os cionn agus faoi thalamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúí ar an togra i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus ba é a chonclúid:

- (a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán/láithreáin Eorpach(a) agus mar sin níl gá le Measúnacht Chúí Céim 2.
- (b) Níl aon dóchúlacht réadúil go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus ní bhaineann an fhorbairt atá beartaithe le haicme a leagtar amach i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú agus, dá bhrí sin, ní cheanglaítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) ina leith.

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála ar chinneadh scagthástála maidir le cé acu ar dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Féadfar Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse de **4 seachtaine ón 27/ 01/2026**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cuntar Poiblí, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, An Bunurlár, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Dé Luain - Dé hAoine, 9.00am go 4.30pm (agus ag suíomh eile más infheidhme). Tá na pleananna agus sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: <https://engage.dublincity.ie/en-IE/> agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Féadfar aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt atá beartaithe, ina ndéileáiltear le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt suite, a chur in iúl, i scríbhinn, chuig An Bainisteoir Feidhmiúcháin, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm ar **11/03/2026**

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh ar líne freisin <https://engage.dublincity.ie/en-IE/> agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 ar an **11/03/2026**